

AN CHÉAD ASAL A THÁINIG GO LEITIR MÓIR ARIAMH

Fear de Mhuinntir Chuana a tháinig isteach go go Leitir Móir ina strainséar. Bhí asal a' tigheacht aige agus badh é an chéad asal ariamh a tháinig thar Daingean é. An Pílear Dearg a bhí ar an bhfear sin agus d'fhan sé i Leitir Móir agus tá a bhunadh fós ann. Chuaidh an t-asal dá bháthadh sa bportach agus ní raibh an Pílear Dearg i ndon é a thógáil. "Lámh sa taca a ghearrthóir, tá an t-asal i dtalamh!" Níor tháinig sé sin chuige. "Lámh sa taca, a shleaghadóir, tá an beithidheach i dtalamh!" Níor tháinig sé sin chuige. "Lámh sa taca, a mheadruamhain, tá an beathach i dtalamh!" Níor tháinig ceachtar aca chuige, le faitchíos roimh an asal. Pébí cén chaoi ar thóg sé féin an t-asal.

An gearrthóir an fear a bhí a' sgraitheadh an phortaigh leis an láidhe. An sleaghadóir sn fear a bhí a' déanamh an fhóid leis an sleaghan – síos faoi san am sin. Meadrumhán an fear a bhí a' leagan fód ar an talamh agus fód eile os a chionn treasna. Sin í an mheadruamhain. Gróg ina dhiaidh sin.

Dia Sathairn, Feabhra 22, 1936. Lá breagh cineálta gréine. Tháinig Pádraic Ó Clocharta, Baile na Cille Gorumna chuig an teach. Bhí sé sa mbaile mór agus dubhairt sé go dtiubhradh sé cuairt orm ó bhí cuireadh aige uaim. Bhí an lá saor agam agus bhí an-fháilte agam roimhe. Bhí sé chomh gliondarach le stócach ar rástaí capaill. Ní mórán spáis a bhí aige mar bhí sé le dul abhaile ar an mbus, ach d'innis sé beagán seanchais dom, a sgríobhas sa leabhar seo. B'fiú do dhuine a bheith ag éisteacht le na chomhrádh tá an Ghaedhilge chomh Gaedhalach sin aige. Tá buairt mhór air faoi láthair i dtaobh inghine leis atá pósta ag meisgtheoir. Tá a chroidhe san inghin.